

Irish translation of:

BCG and your baby. Protecting babies against TB.

BCG agus do leanbán

Ag cosaint leanbán in éadan TB

Imdhíonadh

an dóigh is sábháilte le do pháiste a chosaint

Is fá dtaobh de vacsaíniú BCG (Bacillus Calmette-Guerin) atáthar á thairiscint chun do leanbán a chosaint in éadan na heitinne atá an bhileog seo.

Cad is vacsaín BCG ann?

I vacsaín BCG tá cineál lagaithe de na baictéir (ginidíní) a bhíonn ag tarraingt na heitinne. Ós rud é go bhfuil sé lagaithe ní bhíonn sé ag tarraingt eitinne i ndáiríre ach cuidíonn sé le do leanbán chun cosaint (imdhíonacht) a fháil in éadan an ghalair sa chás go dtagann sé nó sí i dteagmháil leis.

Cad is eitinn ann?

Is galar ionfhabhtach tromchúiseach é as a bhféadfadh meiningíteas eitinne (at líneáil na hinchinne) eascairt i leanbáin. I ndaoine óga is i ndaoine fásta, gabhann sí i gcion ar na scamhóga de ghnáth ach tig léi rian a imirt ar na faireoga, an inchinn nó na cnámha fosta. Glacann cóireáil le haghaidh na heitinne go leor de mhíonna. Cé go mbíonn an mhórchuid de dhaoine sa tír seo ag athshlánú go hiomlán i ndéidh cóireála, tig le meiningíteas na heitinne a bheith marfach nó míchumas géar a tharraingt.

Goidé mar a ghlactar an eitinn?

Ní thig leat an eitinn a ghlacadh ach ó dhuine inteach a bhfuil na scamhóga nó an sceadamán ionfhabhtaithe acu cheana féin agus a bhíonn ag casachtaigh. Nuair a bhíonn siad ag casachtaigh, déantar steall braoiníní bídeacha ina mbíonn na ginidíní. Má thagann na braoiníní isteach i d'anáil, tig leat an galar a ghlacadh. Cé go dtig leis na braoiníní seo fanacht san aer ar feadh i bhfad, go hiondúil, caithfidh teagmháil dhlúth is fhada leis an duine ionfhabhtaithe a bheith ann chun an galar a scaipeadh.

Goidé chomh coitianta agus atá an eitinn?

Sa Ríocht Aontaithe sna 1950anna, bhí corradh le 50,000 de chásanna úra den eitinn achan bhliain. Inniu, tá an líon seo tite go thart fá 8,000 de chásanna úra in aghaidh na bliana (a mbaineann thart fá 65 le Tuaisceart Éireann) ach is méadú

é seo go fóill ó thart fá 5,500 de chásanna úra in aghaidh na bliana go luath sna 1990anna. Mar sin, cé nach cosúil go dtógfaidh tú ionfhabhtú, ba cheart d'achan duine a bheith ar an eolas fá dtaobh d'airí na heitinne. Tá sé seo go háirithe tábhachtach cionn is gur galar forleathan ar fud na cruinne í an eitinn agus go bhfuil sí ag dul i méid in a lán áiteanna. Le breis is breis daoine ag taisteal ar fud na cruinne, tig méadú ar an riosca go dtig daoine a bhí ina gcónaí nó ag obair i dtíortha ina bhfuil rátaí arda den eitinn i dteagmháil leis an ghalar nó go dtabharfaidh siad isteach don tír seo í.

Cad iad airí na heitinne?

Tig leis an eitinn dul i gcion ar bheagnach ball ar bith den cholainn, mar sin bíonn airí éagsúla ann agus tig le comharthaí den ghalar i leanbán a bheith difriúil leis na cinn i nduine fásta. Cionn is go bhfuil an eitinn tógálach, ina dhéidh sin, tá sé tábhachtach go n-aithníonn tú an galar i nduine inteach eile. Ba cheart duit teagmháil a dhéanamh le dochtúir má bhíonn cionn ar bith den mhéid seo a leanas ag cur ar do leanbán nó ar bhall ar bith eile de do theaghlach nó ar chara:

- casacht a mhaireann níos faide ná trí sheachtain;
- fiabhras;
- ag cur allais, go háirithe san oíche;
- cailleadh meáchain;
- ag aireachtáil tuirseach;
- ag casachtaigh fola.

Cad chuige a bhfuiltear ag tairiscint BCG do mo leanbán?

Sa Ríocht Aontaithe, dálda a lán tíortha eile, déantar BCG a thairiscint do leanbáin atá níos dócha ná an pobal i gcoitinne teacht i dteagmháil le duine inteach ar a bhfuil an eitinn. Is amhlaidh é seo siocair go mbíonn cónaí orthu i gceantar ina bhfuil rátaí arda den eitinn nó gur tháinig a dtuismitheoirí nó a seantuismitheoirí as tír ina bhfuil rátaí arda den eitinn. Saor in aisce atá an vacsainiú agus de ghnáth déantar é a thairiscint i ndéidh na breithe, san otharlann nó i ndéidh duit pilleadh chun an bhaile.

Goidé mar a imdhíontar mo leanbán?

Tabharfar vacsainiú do do leanbán i mbacán na láimhe clé.

An bhfuil fo-iarsmaí ar bith ann?

Go díreach i ndéidh an insteallta, nochtfaidh léas ardaithe. Léiríonn sé seo gur tugadh an t-instealladh i gceart.

Taobh istigh de bheirt nó de shé de sheachtainí, nochtfaidh spota beag. Tig leis

seo a bheith measartha frithir ar feadh beagán laethe ach ba cheart go n-éireoidh sé slán de réir a chéile mura gcuireann tú clúdach air. Thiocfadh go bhfágfaidh sé colm beag.

Ó thráth go chéile, thiocfadh go dtig cneá thana ar do leanbán san áit ina raibh an t-instealladh aige. Más rud é go bhfuil seo ag púscadh sreabháin agus go gcaithfear í a chlúdach, bain feidhm as cóiriú tirim – ní as greimlín ag am ar bith – go dtí go mbíonn gearb ann. Thiocfadh go nglacfaidh an chneá oiread le beagán míonna sula leigheastar é.

Má bhíonn imní ort nó má shíleann tú go bhfuil an chneá ionfhabhtaithe, déan teagmháil le do dhochtúir nó le d'altra.

Iontach annamh, tig le vacsaín frithghníomh ailléirgeach a tharraingt, leithéid is gríos nó tochas a imríonn tionchar ar chuid den cholainn nó ar iomlán na colainne. Níos annamh fós, thiocfadh frithghníomh tromchúiseach a bheith ar pháistí de thairbhe an imdhíonta, rud a bhíonn ag tarraingt fadhbanna le hanálú is fiú titim. Is éard a thugtar air seo ná anaifolacsas. Tá tugtha le fios ag taighde ar na mallaibh go dtuairiscítear cás amháin d'anaifolacsas ina chóir de leathmhíllín instealladh a thugtar. Cé gur cúis imní iad frithghníomhartha ailléirgeacha, tig athshlánú gasta is iomlán de thairbhe cóireála.

An bhfuil ábhair ar bith ann gan vacsainiú BCG a thabhairt do mo leanbán?

Níor cheart an t-instealladh a thabhairt nó ba cheart é a chur siar más rud é go bhfuil cionn ar bith den mhéid seo a leanas ag cur ar do leanbán:

- fiabhras ard;
- cóireáil fá choinne ailse nó reachta tromchúisí eile a lagaíonn an córas imdhíonachta;
- a bheith VEID-deimhneach b'fhéidir, is é sin má bhíonn an mháthair VEID-deimhneach;
- riocht ginearálta craicinn, m.s. eachma;
- ag maireachtáil in aon teach le duine inteach ar a bhfuil eitinn amhrasta nó dhaingnithe nár cóireáladh go fóill. Sa chás seo, b'fhéidir go gcaithfear vacsainiú BCG a chur siar – pléifear é seo leat.

Ar cheart rud ar bith eile a bheith ar eolas agam?

Tig le do leanbán toiseacht ar an chéad ionfhabhtú gnáthaimh in aois dhá mhí, is cuma cén t-am a bhíonn an BCG aige.

Ach ba cheart duit a chinntiú nach dtabharfar ionfhabhtú eile do do leanbán sa ghéag chéanna leis an BCG ar feadh trí mhí ina dhéidh ar a laghad, nó thiocfadh go dtig at ar na faireoga sa bhall sin.

Cinntigh fosta go mbíonn taifead ann den vacsainiú BCG i dTaifead Sláinte Páiste Pearsanta le tagairt dó amach anseo.

Goidé mar a bhíonn fios agam go bhfuil feidhm ag mo leanbán ar vacsainiú BCG?

Más 'sea' an freagra ar chionn ar bith de na ceisteanna seo, ba cheart go mbeadh vacsainiú BCG ag do leanbán más rud é nach raibh cionn aige cheana féin.

- An dtagann ceachtar de thuismitheoirí do leanbáin as tír ina bhfuil ráta ard den eitinn?
- An mbeidh tú féin is do leanbán ag gabháil a chónaí corradh le mí nó taisteal go minic i gcionn ar bith de na tíortha seo go luath amach anseo?
- An bhfuil duine ar bith sa teach, nó duine ar bith eile a bhfuil an chosúlacht orthu teagmháil dhlúth fhad-téarmach le do leanbán, ar a bhfuil an eitinn, ar an raibh sí le cúig bhliain anuas nó a thagann as cionn ar bith de na tíortha seo?

An dtig liom vacsainiú BCG a iarraidh domh féin nó do mo pháistí?

Ní dhéanfar vacsainiú BCG a thairiscint ach do na daoine sin a bhfuil fachtóirí riosca shonraigh fá choinne na heitinne acu. Measfar tú féin nó do pháiste chun a fháil amach an mbaineann tú amach na critéir sula ndéanfar vacsainiú a thairiscint duit.

Tíortha le rátaí bliantúla den eitinn de 40/100,00 den daonra nó níos mó

An Afganastáin, An Ailgéir, Angóla, An Airméin, An Asarbaiseáin

Bairéin, An Bhanglaidéis, An Bhealarúis, An Bheilís, Beinin, An Bhútáin, An Bholáiv, An Bhoisnia,-Heirseagaivéin, An Bhotsuáin, An Bhrasaíl, Brúiné Darasalám, An Bhulgáir, Buircíne Fasó, An Bhurúin.

An Chambóid, Camarún, Rinn Verde, Poblacht na hAfraice Láir, Sead, An tSín, An tSín/SAR Hong Cong, An tSín/SAR Macao, An Cholóim, Oileáin Chomóra, An Congó, Cote d'Ivoire, An Chróit

Daon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré, Daon-Phoblacht Dhaonlathach an Chongó, Djibouti, An Phoblacht DhoiminiceachEacuadór, An tSalvadóir, An Ghuine Mheánchiorclach, An Eiritré, An AetóipAn Ghabúin, An Ghaimbia, An tSeoirsia, Gána, Guatamala, An Ghuine, Guine Bhissau, An GhuáinHáití,

HondúrasAn India, An Indinéis, An IaráicAn Chasacstáin, An Chéinia, Cireabaití,
An ChirgeastáinDaon-Phoblacht Dhaonlathach Lao, An Laitvia, Leosóta, An
Libéir, An LiotuáinMadagascar, An Mhaláiv, An Mhalaeisia, Oileáin Mhaildíve,
Maili, Oileáin Marshall, An Mháratáin, Stáit Chónaidhme na Micrinéise, An
Mhongóil, Maracó, Mósaimbic, MaenmarAn Namaib, Nárúis, Neipeal,
Nicearagua, An Nígir, An Nigéir, Niue, Oileáin Mhariana ThuaidhAn Phacastáin,
Palau, Panama, Nua-Ghuine Papua, Paragua, Peiriú, Na hOileáin
PhilipíneachaCatar

Poblacht na Cóiré, Poblacht na Moldóive, An Rómáin, Cónaidhm na Rúise,
Ruanda

Sao Tome agus Príncipe, An Araib Shádach, An tSeineagáil, Siarra Leon, Oileáin
Sholamón, An tSomáil, An Afraic Theas, Sri Lanca, An tSúdáin, Suranam, An
tSuasalainn

An Táidsíceastáin, An Téalainn, Timor-Leste, Tóga, Tócalá, An Tuircméanastáin,
Tuvalu

Uganda, An Úcráin, Poblacht Aontaithe na Tansáine, An Úisbéiceastáin

Vailís agus Futúna, Vanuatú, Veiniséala, Vitneam

Poblacht Éimin

An tSaimbia, An tSiombáib

Source: Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, Global tuberculosis control: surveillance,
planning, financing. An Ghinéiv: EDS, 2008.

Chun liosta suas go dáta de thíortha ina bhfuil rátaí arda den eitinn a fháil, seiceáil an
láithreán Gréasáin
www.hpa.org.uk/web/HPAweb&HPAwebStandard/HPAweb_C/1195733837507

Má tá tuilleadh eolais fá dtaobh den eitinn nó de vacsaín BCG nó ionfhabhtuithe
ar bith eile de dhíobháil ort, labhair le do dhochtúir, do chuairoteoir sláinte, do
bhean chabhrach nó altra, nó tadhaill ar láithreán Gréasáin na Roinne
www.dhsspsni.gov.uk/immunisation. Tá tuilleadh eolais le fail ar
www.immunisation.nhs.uk

**Cuimhnigh, glacann cóireáil na heitinne tréimhse fhada, is fusa
go mór í a chosc.**



Produced by the **Public Health Agency** on behalf of the Department of Health, Social Services and Public Safety. Crown Copyright material reproduced with the permission of the Controller of HMSO and the Queen's Printer for Scotland.

02/10